Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 13 Iúil 2022**
**(OR. en)**

**11329/22**

**ENV 745**
**MAR 146**
**RECH 441**
**RELEX 1010**
**ONU 103**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 12 Iúil 2022 |
| chuig: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2022) 342 final |
| Ábhar: | Moladh le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht thar ceann an Aontais Eorpaigh le haghaidh comhaontú idirnáisiúnta maidir leis an truailliú plaisteach |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 342 final.

Faoi iamh: COM(2022) 342 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 12.7.2022
COM(2022) 342 final

Moladh le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

**lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht thar ceann an Aontais Eorpaigh le haghaidh comhaontú idirnáisiúnta maidir leis an truailliú plaisteach**

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

### 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

#### • Forais agus cuspóirí an togra

Le Rún 5/14 dar teideal *End plastic pollution: towards an international legally binding instrument* [Deireadh a chur leis an truailliú plaisteach: i dtreo ionstraim idirnáisiúnta atá ceangailteach ó thaobh dlí][1], a ghlac Comhthionól Comhshaoil na Náisiún Aontaithe (UNEA) i mí an Mhárta 2022, leagtar amach sainordú le haghaidh caibidlíocht ag Coiste Caibidlíochta Idir-Rialtasach (INC) maidir le hionstraim idirnáisiúnta atá ceangailteach ó thaobh dlí maidir leis an truailliú plaisteach, lena n-áirítear sa mhuirthimpeallacht. Meastar go dtabharfaidh an INC a chuid oibre i gcrích faoi dheireadh 2024, agus go reáchtálfar an chéad chruinniú de in 2022. Féadfaidh UNEA síneadh ama a chur leis an sainordú sin, más gá.

Glacadh Rún 5/14 tar éis sraith rún de chuid UNEA ó bhí 2014 ann, agus ba chloch mhíle thábhachtach é UNEA3 inar thacaigh Ballstáit na Náisiún Aontaithe le roinnt gníomhaíochtaí chun deireadh a chur le sceitheadh bruscair phlaistigh agus micreaphlaisteach san aigéan agus inar bunaíodh sainghrúpa neamhiata *ad hoc* um bruscar muirí agus micreaphlaistigh (AHEG) chun iniúchadh a dhéanamh ar na bacainní atá ann ar bhruscar muirí agus ar mhicreaphlaistigh a chomhrac. Thug an AHEG a chuid oibre i gcrích in 2020. Shainaithin sé roinnt roghanna chun freagairt don ghéarchéim dhomhanda mar atá an truailliú plaisteach, lena n-áirítear comhaontú domhanda maidir le plaistigh, rud ar thacaigh tromlach na rannpháirtithe sa sainghrúpa leis, agus ionadaíocht á déanamh acu do bheagnach gach réigiún. I mí Dheireadh Fómhair 2021, d’fhoilsigh na Náisiún Aontaithe tuarascáil dar teideal *From Pollution to Solution: a Global Assessment of Marine Litter and Plastic Pollution* [Ón Truailliú go Réiteach: Measúnú Domhanda ar an mBruscar Muirí agus ar an Truailliú Plaisteach][2] chun UNEA 5.2 a chur ar an eolas faoin méid bruscair muirí agus truaillithe phlaisteach ar fud an domhain agus faoi ghnéithe áirithe díobh.

Tar éis cruinniú a d’óstáil an Coimisiún Eorpach in 2020 ina raibh an dearcadh céanna ag na rannpháirtithe, d’ullmhaigh Peiriú agus Ruanda rún arbh é ba chuspóir dó tús a chur leis an gcaibidlíocht le haghaidh comhaontú idirnáisiúnta nua maidir leis an truailliú plaisteach ag UNEA5. Rannchuidigh roinnt imeachtaí idirnáisiúnta le móiminteam an rúin a fhorbairt, lena n-áirítear Comhdháil Aireachta maidir leis an mBruscar Muirí agus an Truailliú Plaisteach a d’óstáil an Ghearmáin, Eacuadór, Vítneam agus Gána in 2021, agus ba é an toradh a bhí orthu ar deireadh glacadh críochnaitheach an rúin de chomhthoil.

Is é is cuspóir don Mholadh seo a áirithiú go bhfuil seasamh caibidlíochta comhsheasmhach agus éifeachtúil ag an Aontais Eorpach (AE) le linn sheisiúin an INC, d’fhonn ionstraim idirnáisiúnta atá ceangailteach ó thaobh dlí maidir leis an truailliú plaisteach a shocrú le caibidlíocht agus a thabhairt i gcrích.

#### • Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana

Tá seoladh na caibidlíochta le haghaidh comhaontú idirnáisiúnta maidir le plaistigh ar cheann de na príomhrudaí atá bainte amach ag Comhaontú Glas an Aontais Eorpaigh agus ag an bPlean Gníomhaíochta um an nGeilleagar Ciorclach[3], agus tá nasc aige le líon suntasach

[1] UNEP/EA.5/Res.14.
[2] https://www.unep.org/resources/pollution-solution-global-assessment-marine-litter-and-plastic-pollution.
[3] https://ec.europa.eu/commission/presscorner/detail/ga/ip_22_1466.

beartas de chuid an Aontais agus le méid suntasach de reachtaíocht an Aontais, lena n-áirítear maidir leis an gcomhshaol muirí agus cósta a chosaint, go háirithe an Treoir Réime um Straitéis Mhuirí (MSFD)[4]. Dá bhrí sin, tá sé ar cheann de phríomhthosaíochtaí comhshaoil an Aontais i réimse na gníomhaíochta domhanda le blianta beaga anuas comhaontú idirnáisiúnta maidir le plaistigh a áirithiú lena dtéitear i ngleic leis an truailliú plaisteach ag an bhfoinse seachas a bheith ag gabháil do réitigh ceann píopa atá costasach agus nach bhfuil go hiomlán éifeachtach.

Tagann sin sna sála ar thionscnaimh bheartais agus reachtaíocht de chuid an Aontais maidir le plaistigh le blianta beaga anuas atá tiomnaithe agus forásach[5]. In 2018, leagadh amach i Straitéis um Plaistigh[6], ar cuid den Phlean Gníomhaíochta um an nGeilleagar Ciorclach í[7], treoirphlean chun ár gcomhshaol a chosaint, agus chun bruscar muirí, astaíochtaí gás ceaptha teasa agus ár spleáchas ar bhreoslaí iontaise allmhairithe a laghdú[8]. Áirítear ar ghníomhaíocht nithiúil maidir le plaistigh an tionchar atá ag táirgí plaisteacha áirithe ar an gcomhshaol[9], plaistigh aon úsáide[10], ról na bplaisteach sa gheilleagar ciorclach[11], ceanglais

[4] Treoir 2008/56/CE, an chéad ionstraim lena dtugtar isteach an ceanglas dlíthiúil bruscar muirí agus na tionchair atá aige a laghdú

[5] https://ec.europa.eu/environment/topics/plastics_en

[6] https://environment.ec.europa.eu/strategy/plastics-strategy_ga

[7] Féach: https://ec.europa.eu/environment/topics/circular-economy/first-circular-economy-action-plan_en

[8] Féach: https://ec.europa.eu/environment/strategy/plastics-strategy_ga.

[9] Mar shampla: Treoir (AE) 2019/904 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 maidir le laghdú a dhéanamh ar an tionchar atá ag táirgí *plaisteacha* áirithe ar an gcomhshaol (Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2151 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2020 lena leagtar síos rialacha maidir le sonraíochtaí comhchuibhithe marcála i dtaca le táirgí *plaisteacha* aon úsáide a liostaítear i gCuid D den Iarscríbhinn a ghabhann le Treoir (AE) 2019/904 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le laghdú a dhéanamh ar an tionchar atá ag táirgí *plaisteacha* áirithe ar an gcomhshaol (Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

Cinneadh (AE) 2019/1268 ón gCoimisiún an 3 Iúil 2019 maidir leis an tionscnamh ó na saoránaigh atá beartaithe dar teideal *Let's put an end to the era of plastic in Europe* [Cuirimis deireadh le ré na *bplaisteach* san Eoraip] (a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi dhoiciméad C(2019) 4974)

[10] Mar shampla: Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/162 ón gCoimisiún an 4 Feabhra 2022 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Threoir (AE) 2019/904 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ríomh, fíorú agus tuairisciú ar an laghdú ar thomhaltas táirgí plaisteacha aon úsáide áirithe agus maidir leis na bearta arna ndéanamh ag na Ballstáit chun an laghdú sin a bhaint amach (Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1752 ón gCoimisiún an 1 Deireadh Fómhair 2021 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Threoir (AE) 2019/904 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le ríomh, fíorú agus tuairisciú sonraí i ndáil le bailiú ar leithligh dramhbhuidéal dí *plaisteach* aon úsáide

[11] Mar shampla: Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1384 ón gCoimisiún an 13 Lúnasa 2021 maidir leis an iarraidh ar chlárú an tionscnaimh Eorpaigh ó na saoránaigh dar teideal *ReturnthePlastics: A Citizen's Initiative to implement an EU-wide deposit-system to recycle plastic bottles* [TabhairNaPlaistighArAis: Tionscnamh ó na Saoránaigh chun córas éarlaise uile-Aontais a chur chun feidhme chun buidéil *phlaisteacha* a athchúrsáil] de bhun Rialachán (AE) 2019/788 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi dhoiciméad C(2021) 5953) (Is ag an téacs sa Bhéarla a bheidh an t-údarás agus aige sin amháin)

éicidhearthóireachta agus lipéadú[12], plaistigh agus dramhaíl ó phacáistíocht[13] agus na tionscnaimh atá le teacht maidir le micreaphlaistigh a chuirtear isteach d'aon ghnó agus a scaoiltear go neamhbheartaithe[14]. Rinneadh anailís sa Straitéis freisin ar an bhféidearthacht leas a bhaint as gníomhaíocht dhomhanda, agus sainaithníodh an gá (*inter alia*) atá le caighdeáin idirnáisiúnta a fhorbairt chun muinín na hearnála tionsclaíochta i gcáilíocht plaisteach in-athchúrsáilte nó athchúrsáilte a neartú. I ndáil le loingsithe dramhaíola, tugadh faoi deara sa straitéis a thábhachtaí atá sé a áirithiú go ndéantar aon phlaisteach a chuirtear thar lear lena n-athchúrsáil a láimhseáil agus a phróiseáil faoi choinníollacha atá cosúil leis na coinníollacha is infheidhme san Aontas, agus tacaíocht á tabhairt do ghníomhaíocht maidir le

---

12 Treoir 2009/125/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 lena mbunaítear creat chun na ceanglais éicidhearthóireachta le haghaidh táirgí a bhaineann le fuinneamh a shocrú (Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

Rialachán (AE) 2020/740 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Bealtaine 2020 maidir le lipéadú bonn maidir le héifeachtúlacht breosla agus paraiméadair eile, lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/1369 agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1222/2009 (Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

13 Mar shampla: 2009/292/CE:Cinneadh ón gCoimisiún an 24 Márta 2009 lena mbunaítear na coinníollacha le haghaidh maolú i gcás cliathbhoscaí *plaisteacha* agus pailléid *phlaisteacha* i ndáil leis na leibhéil tiúchana miotal trom arna mbunú i dTreoir 94/62/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht (a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi dhoiciméad uimhir C(2009) 1959) (Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

1999/177/CE:Cinneadh ón gCoimisiún an 8 Feabhra 1999 lena mbunaítear na coinníollacha le haghaidh maolú i gcás cliathbhoscaí plaisteacha agus pailléid phlaisteacha i ndáil leis na leibhéil tiúchana miotal trom arna mbunú i dTreoir 94/62/CE maidir le pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht (a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi dhoiciméad uimhir C(1999) 246) (Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

Treoir (AE) 2015/720 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2015 lena leasaítear Treoir 94/62/CE a mhéid a bhaineann le tomhaltas málaí siopadóireachta éadroma *plaisteacha* a laghdú (Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

Rialachán (AE, Euratom) 2021/770 ón gComhairle an 30 Aibreán 2021 maidir le ríomh na hacmhainne dílse bunaithe ar dhramhaíl ó phacáistíocht phlaisteach nach ndéantar athchúrsáil uirthi, maidir leis na modhanna agus an nós imeachta chun an acmhainn dhílis sin a chur ar fáil, maidir le bearta chun riachtanais airgid a chomhlíonadh, agus maidir le gnéithe áirithe den acmhainn dhílis bunaithe ar ollioncam náisiúnta

Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/896 ón gCoimisiún an 19 Meitheamh 2018 lena leagtar síos an modheolaíocht chun tomhaltas bliantúil málaí siopadóireachta éadroma *plaisteacha* a ríomh agus lena leasaítear Cinneadh 2005/270/CE (a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi dhoiciméad C(2018) 3736) (Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

Togra le haghaidh RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE maidir leis na modhanna agus an nós imeachta chun Acmhainní Dílse bunaithe ar an gComhbhonn Comhdhlúite don Cháin Chorparáide, ar Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais Eorpaigh agus ar dhramhaíl ó phacáistíocht *phlaisteach* nach ndéantar athchúrsáil uirthi a chur ar fáil, agus maidir leis na bearta chun riachtanais airgid a chomhlíonadh

Togra le haghaidh TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Treoir 94/62/CE maidir le pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht chun tomhaltas málaí siopadóireachta éadroma *plaisteacha* a laghdú

Cinneadh ón gCoimisiún an 11 Lúnasa 2021 maidir le grúpa saineolaithe an Choimisiúin um dhramhaíl ó phacáistíocht *phlaisteach* a bhunú 2021/C 324/05

14 Féach: https://ec.europa.eu/environment/topics/plastics/microplastics_en. Baineann sé sin go páirteach le reachtaíocht áirithe an Aontais, go háirithe an Treoir Réime um Straitéis Mhuirí. I gcás micreaphlaistigh a úsáidtear d'aon ghnó, tá próiseas srianta REACH ar siúl faoi láthair: https://echa.europa.eu/hot-topics/microplastics.

bainistíocht dramhaíola faoi Choinbhinsiún Basel, agus moladh inti scéim deimhniúcháin de chuid an Aontais a fhorbairt le haghaidh gléasraí athchúrsála. Iarradh inti go ndéanfadh earnáil na tionsclaíochta ar fud an domhain iarracht úsáid fhorleathan plaisteach in-athchúrsáilte agus athchúrsáilte a chur chun cinn.

Sa bhreis air sin, faoi chuimsiú an Phlean Gníomhaíochta um an nGeilleagar Ciorclach, molfaidh an Coimisiún ceanglais sainordaitheacha maidir le hábhar athchúrsáilte agus bearta laghdaithe dramhaíola le haghaidh príomhtháirgí amhail pacáistíocht, ábhair foirgníochta agus feithiclí.

Faoi MSFD thuasluaite, i mí Mheán Fómhair 2020[15], d'aontaigh an tAontas agus a chuid Ballstát nár cheart níos mó ná 20 mír bruscair a bheith ann in aghaidh gach 100 méadar d'imeallbhord, rud a d'fhágfadh an tAontas ar thús cadhnaíochta chun Sprioc Forbartha Inbhuanaithe 14.1 a chomhlíonadh, lena gceanglaítear 'Faoi 2025, truailliú muirí a chosc agus a laghdú go suntasach (...), lena n-áirítear bruscar muirí (...)'. Leis na gníomhaíochtaí tacaíochta is bonn le cur chun feidhme na Treorach Réime um Straitéis Mhuirí ón Aontas Eorpach (MSFD), a forghníomhaíodh i ndlúthchomhar leis na Coinbhinsiúin maidir le Farraigí Réigiúnacha, léiríodh go bhfuil comhchuibhiú ar fhaireachán, fáil agus láimhseáil sonraí sna maitrísí comhshaoil éagsúla ríthábhachtach chun gur féidir iarrachtaí a chur in ord tosaíochta agus chun éifeachtacht na mbeart in aghaidh bruscar plaisteach a fhíorú. Faoi Chomhstraitéis Cur Chun Feidhme MSFD, tá an Grúpa Teicniúil um Bruscar Muirí[16], i ndlúthchomhar leis na Coinbhinsiúin maidir le Farraigí Réigiúnacha, ag soláthar comhchuibhiú teicniúil agus ag obair i gcomhar le EMODnet, lena soláthraítear ardán sonraí le haghaidh sonraí faoi bhruscar muirí[17].

Leis an gcomhaontú idirnáisiúnta nua, tabharfar aghaidh ar an truailliú plaisteach, lena n-áirítear sa mhuirthimpeallacht. Tá sé ar cheann de phríomhthosaíochtaí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip dul i ngleic leis an truailliú agus na foinsí as a dtagann sé, agus is iad na samplaí déanaí de sin straitéis an Choimisiúin um nialasach san aer, san uisce agus san ithir agus an Straitéis Ceimiceán um Inbhuanaitheacht. Sa Phlean Gníomhaíochta um Uisce, Aer agus Ithir Saor ó Thruailliú a glacadh le déanaí, leagadh síos spriocanna laghduithe le haghaidh 2030 (i.e. bruscar plaisteach san fharraige a laghdú 50 % agus micreaphlaistigh a scaoiltear sa timpeallacht a laghdú 30 %), lena neartaítear a thuilleadh éifeachtacht bheartais an Aontais in aghaidh bruscair muirí agus na dtionchar atá aige. Dá bhrí sin, aghaidh a thabhairt ar an truailliú plaisteach ar an leibhéal domhanda, tá sé sin ag teacht go maith le go leor beartas agus reachtaíochta de chuid an Aontais atá ann cheana a bhaineann leis an gcomhshaol a chosaint ar an truailliú. D'fhéadfadh dramhaíl[18], loingsithe dramhaíola[19],

---

15 https://ec.europa.eu/commission/presscorner/detail/en/mex_20_1696

16 https://mcc.jrc.ec.europa.eu/main/dev.py?N=41&O=434&titre_page=&titre_chap=TG%20Litter

17 https://www.emodnet-chemistry.eu/marinelitter

18 Rialachán (CE) Uimh. 2150/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2002 maidir le staidreamh dramhaíola (Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

Treoir 2008/98/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Samhain 2008 maidir le dramhaíl agus lena n-aisghairtear Treoracha áirithe (Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

Treoir 2012/19/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2012 maidir le dramhthrealamh leictreach agus leictreonach (DTLL) (Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

Treoir 94/62/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 1994 maidir le pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht

ceimiceáin[20], uisce snámha[21], agus eile (amhail an Treoir maidir le Cóireáil Fuíolluisce Uirbigh agus an Treoir Réime maidir le hUisce)[22] a bheith i gceist leis sin.

Rannchuidíonn an tAontas go mór le tionscnaimh idirnáisiúnta a bhaineann go díreach leis an truailliú plaisteach a shrianadh, amhail Coinbhinsiún Basel a chur chun feidhme maidir le loingsithe trasteorann dramhaíola, a leasaíodh le déanaí le rialuithe feabhsaithe maidir leis an

---

[19] Mar shampla: Rialachán (CE) Uimh. 1013/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2006 maidir le loingsithe dramhaíola

Treoir (AE) 2019/883 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir le saoráidí glactha calafoirt don seachadadh dramhaíola ó longa, lena leasaítear Treoir 2010/65/AE agus lena n-aisghairtear Treoir 2000/59/CE (Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

[20] Mar shampla: Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH), lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach Ceimiceán, lena leasaítear Treoir 1999/45/CE agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 793/93 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1488/94 ón gCoimisiúin chomh maith le Treoir 76/769/CEE ón gComhairle agus Treoracha 91/155/CEE, 93/67/CEE, 93/105/CE agus 2000/21/CE ón gCoimisiún

Rialachán (CE) Uimh. 166/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Eanáir 2006 maidir leis an gClár Eorpach ar Scaoileadh agus Aistriú Truailleán a bhunú, agus lena leasaítear Treoracha 91/689/CEE agus 96/61/CE ón gComhairle (Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

90/437/CEE:Moladh ón gCoimisiún an 27 Meitheamh 1990 maidir le clórafluaracarbóin arna n-úsáid ag tionscadal cúr plaisteach an Chomhphobail a laghdú

Rialachán (AE) Uimh. 284/2011 ón gCoimisiún an 22 Márta 2011 lena leagtar síos coinníollacha speisialta agus nósanna imeachta mionsonraithe chun earraí cistine *plaisteacha* polaimíde agus mealaimín ar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne nó Sainréigiún Riaracháin Hong Cong iad nó a chuirtear chun bealaigh iad ón tSín nó ó Hong Cong, a allmhairiú

Rialachán (AE) 2018/2005 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2018 lena leasaítear Iarscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH) a mhéid a bhaineann le taláit bhis(2-eitilheicsil) (DEHP), taláit débhúitile (DBP), taláit bhúitile bheinsile (BBP), agus taláit dé-iseabúitile (DIBP) (Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

Rialachán (AE) 1272/2013 ón gCoimisiún an 6 Nollaig 2013 lena leasaítear Iarscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH) a mhéid a bhaineann le hidreacarbóin il-timthriallacha aramatacha (Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

Rialachán (AE) 2016/293 ón gCoimisiún an 1 Márta 2016 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 850/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le truailleáin orgánacha mharthanacha a mhéid a bhaineann le hIarscríbhinn I (Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

Rialachán (AE) 848/2012 ón gCoimisiún an 19 Meán Fómhair 2012 lena leasaítear Iarscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH) a mhéid a bhaineann le comhdhúile feinilmearcair (Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

[21] Treoir 2006/7/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Feabhra 2006 maidir le cáilíocht uisce snámha a bhainistiú agus lena n-aisghairtear Treoir 76/160/CEE

[22] https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A31991L0271

dramhaíl phlaisteach[23], agus Plean Gníomhaíochta na hEagraíocht Muirí Idirnáisiúnta in aghaidh bruscar plaisteach agus micreaphlaisteach. Ina theannta sin, bíonn an tAontas rannpháirteach ar bhonn gníomhach i ngach gníomhaíocht in aghaidh an truaillithe phlaistigh sna réigiúin mhuirí ar fud na hEorpa (trí thacaíocht theicniúil agus airgeadais a thabhairt do na Pleananna Gníomhaíochta Réigiúnacha sa Mheánmhuir, sa Mhuir Dhubh, sa Mhuir Bhailt agus san Atlantach Thoir Thuaidh) agus lena chomhpháirtithe G7 agus G20. Chomh maith leis sin, tá an tAontas tar éis tionscnamh a chomhurrú san Eagraíocht Dhomhanda Trádála lena dtugtar aghaidh ar an truailliú plaisteach agus ar thrádáil inbhuanaithe plaisteach.

Tá i bhfad níos mó ná cúrsaí beartais comhshaoil i gceist le plaistigh agus an truailliú a bhaineann leo. Leagtar amach sa roinn thíos a n-ábharthacht thrasearnálach do bheartais éagsúla ar fud shainchúram an Aontais.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tá an Moladh atá beartaithe comhsheasmhach freisin le beartais agus le reachtaíocht eile de chuid an Aontais, amhail maidir le:

- an tsláinte, go háirithe na beartais agus na gníomhaíochtaí sin maidir le hábhair agus earraí a bheartaítear a bheith i dtadhall le bia[24], beartais an Aontais maidir leis an gcomhshaol muirí agus cósta a chosaint,
- saoráidí glactha calafoirt[25],
- Tacsanomaíocht Eorpach na hInbhuanaitheachta, go háirithe i leith critéir ‘gan dochar tromchúiseach a dhéanamh’ le haghaidh pacáistíocht phlaisteach agus táirgí plaisteacha eile,
- Critéir éicidhearthóireachta a fhorbairt amach anseo, lena n-áirítear le haghaidh pacáistíochta agus táirgí plaisteacha eile a chuirtear ar mhargadh aonair an Aontais,
- An t-athbhreithniú atá beartaithe ar an Rialachán maidir le Loingsithe Dramhaíola,
- Coinbhinsiún Basel agus Coinbhinsiún Stócólm,
- Comhar um fhorbairt agus comhpháirtíochtaí idirnáisiúnta,
- Caidreamh déthaobhach agus iltaobhach,
- Beartas an Aontais maidir le Truailleáin Orgánacha Mharthanacha faoi chuimsiú Choinbhinsiún Stócólm, ina liostaítear roinnt breiseán plaisteach nó ina mbeartaítear iad a liostú, agus
- Beartas maidir le ceimiceáin, lena n-áirítear srianta REACH ar mhicreaphlaistigh agus ar bhreiseáin phlaisteacha agus an Treochlár Srianta[26] a foilsíodh le déanaí, lena ndírítear ar bhreiseáin a úsáidtear go forleathan (amhail lasairmhoillithigh) agus PVC.

---

[23] Ag an 14ú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe i gCoinbhinsiún Basel in 2019, glacadh leasuithe arbh é ba chuspóir dóibh feabhas a chur ar rialú na ngluaiseachtaí trasteorann dramhaíola plaistí.

[24] Mar shampla Rialachán (CE) Uimh. 1935/2004 maidir le hábhair a bhíonn i dtadhall le bia;Rialachán (AE) Uimh. 10/2011 maidir le hábhair phlaisteacha a bhíonn i dtadhall le bia;Rialachán (CE) Uimh. 282/2008 maidir le hábhair agus earraí plaisteacha athchúrsáilte (tá coinne le hathsholáthar i R4 2022)

[25] https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GAXT/PDF/?uri=CELEX:32019L0883&rid=1

[26] https://ec.europa.eu/docsroom/documents/49734

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Is é Airteagal 218(3) agus (4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) an bunús dlí nós imeachta le haghaidh an chinnidh atá beartaithe.

Foráiltear le hAirteagal 218(3) CFAE go gcuirfidh an Coimisiún moltaí faoi bhráid na Comhairle, agus glacfaidh an Chomhairle cinneadh lena n-údarófar tús a chur leis an gcaibidlíocht agus lena n-ainmneofar idirbheartaí an Aontais. De réir Airteagal 218(4) CFAE, féadfaidh an Chomhairle treoracha a dhíriú chuig an idirbheartaí agus coiste speisialta a ainmniú nach mór an chaibidlíocht a thabhairt i gcrích i gcomhairle leis.

Ba cheart an comhaontú a bheith bunaithe ar phrionsabal an réamhchúraim agus ar na prionsabail gur cheart bearta coisctheacha a dhéanamh, gur cheart damáiste don chomhshaol a léiriú ag an bhfoinse mar thosaíocht, agus ar an bprionsabal gurb é údar an truaillithe a íocfaidh as, agus an bonn sonrach a chur san áireamh tráth níos déanaí nuair a bheidh tuilleadh faisnéise ar fáil maidir le raon feidhme agus ábhar an chomhaontaithe idirnáisiúnta maidir leis an truailliú plaisteach.

- **Coimhdeacht**

Cé nach eol go fóill a raon feidhme beacht, tá sé i gceist leis an gcomhaontú idirnáisiúnta atá beartaithe aghaidh a thabhairt ar an truailliú plaisteach trí bhearta ar feadh shaolré iomlán na bplaisteach, lena n-áirítear dearadh táirgí, táirgeadh, tomhaltas, úsáid agus bainistíocht fhónta dramhaíola plaistí. Sna ranna roimhe seo maidir leis an réimse beartais agus sna naisc ghaolmhara bheartais faoi shainchúram an Aontais, léirítear go fóirsteanach an ról ceannasach a bhí ag an Aontas go dtí seo agus a iomchuí atá sé go láimhseálfaí an chaibidlíocht le haghaidh an chomhaontaithe atá beartaithe ar leibhéal an Aontais.

Dá bhrí sin, ní féidir a sheachaint go mbeidh tionchar ag an gcomhaontú atá beartaithe ar fheidhmiú inniúlachtaí an Aontais agus ar reachtaíocht an Aontais i réimsí amhail (go háirithe) an comhshaol, an trádáil agus an margadh inmheánach, agus d'fhéadfadh gach ceann acu a bheith ábhartha amach anseo, de réir mar a thiteann an chaibidlíocht maidir le forálacha sonracha amach.

I bhfianaise an mhéid thuas agus an tionchair is dócha a bheidh ar fhorálacha an Aontais atá ann cheana (go háirithe na forálacha sin lena gcumhdaítear an 'réimse beartais' a liostaítear faoi Cheannteideal 1) i réimsí éagsúla de ghníomhaíocht an Aontais, tá sé fíor-thábhachtach go n-áiritheofar rannpháirtíocht an Aontais sa chaibidlíocht a bheidh ann amach anseo agus sa chomhaontú idirnáisiúnta a thiocfaidh as sin.

- **Comhréireacht**

Is é sin an chéad chomhaontú iltaobhach lena dtabharfar aghaidh ar an truailliú plaisteach trí chur chuige iomlánaíoch lena gcumhdófar an chuid réamhtheachtach agus an chuid iartheachtach de shaolré na bplaisteach. Tá roinnt tionscnamh náisiúnta agus réigiúnach ann cheana lena dtugtar aghaidh ar thruailliú plaisteach, lena n-áirítear ar an truailliú plaisteach muirí, ach níor leor iad chun freagairt don dúshlán domhanda mar atá an truailliú plaisteach. Bunaíodh an sainghrúpa neamhiata *ad hoc* um bruscar muirí agus micreaphlaistigh ag an tríú seisiún de UNEA mar fhreagairt ar UNEP/EA.3/Res.7 *Marine Litter and Microplastics* [Bruscar Muirí agus Micreaphlaistigh], thug sé a chuid oibre i gcrích i mí na Samhna 2020, agus shainaithin sé comhaontú domhanda maidir le plaistigh mar phríomhrogha chun freagairt don ghéarchéim dhomhanda. Ag UNEA 5, glacadh Rún 5/14 dar teideal *End plastic pollution:*

*towards an international legally binding instrument* [Deireadh a chur leis an truailliú plaisteach: i dtreo ionstraim idirnáisiúnta atá ceangailteach ó thaobh dlí], inar iarradh ar Stiúrthóir Feidhmiúcháin Chlár Comhshaoil na Náisiún Aontaithe (UNEP) an INC a bhunú.

Tá gá le Cinneadh ón gComhairle chun údarú don Aontas tús a chur leis an gcaibidlíocht maidir le comhaontú domhanda i dtaca le plaistigh chun aghaidh a thabhairt ar an truailliú plaisteach.

Ní théann an moladh atá beartaithe thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí arna saothrú a ghnóthú, i gcomhréir le hAirteagal 5(4) den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE).

- **An rogha ionstraime**

Sonraítear an rogha ionstraime in Airteagal 218(3) agus (4) CFAE.

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí ex post/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Ní bhaineann le hábhar.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Ní bhaineann le hábhar.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Ní bhaineann le hábhar.

- **Measúnú tionchair**

Ní bhaineann le hábhar.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Ní bhaineann le hábhar.

- **Cearta bunúsacha**

I gcomhréir le hAirteagal 37 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, ní mór ardleibhéal cosanta don chomhshaol agus feabhsú cháilíocht an chomhshaoil a lánpháirtiú i mbeartais an Aontais, agus a áirithiú i gcomhréir le prionsabal na forbartha inbhuanaithe.

Leis an moladh atá beartaithe, féachtar le húdarú a thabhairt chun tús a chur leis an gcaibidlíocht d’fhonn aghaidh a thabhairt ar an truailliú plaisteach, ní hamháin sa mhuirthimpeallacht, ach ar thalamh freisin, trí aghaidh a thabhairt ar shaolré iomlán na bplaisteach. Bheadh tionchar dearfach aige sin ar an gceart chun cosaint an chomhshaoil, mar a chumhdaítear in Airteagal 37 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

De réir Airteagal 37 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, déanfar ardleibhéal cosanta do thomhaltóirí a áirithiú i mbeartais an Aontais.

Bheadh tionchar dearfach ag na moltaí atá beartaithe ar an gceart chun cosaint tomhaltóirí tríd an gcuid réamhtheachtach de shaolré na bplaisteach a chur san áireamh freisin, i.e. dearadh táirgí, táirgeadh agus lipéadú táirgí plaisteacha.

De réir Airteagal 3(1) de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, tá ag gach duine an ceart go dtabharfar meas ar a iomláine nó ar a hiomláine choirp agus mheabhrach.

Bheadh tionchar dearfach ag an moladh atá beartaithe ar an gceart chun sláine an duine chomh maith, agus tá sé d'aidhm aige freisin dul i ngleic leis na rioscaí a ghabhann leis an truailliú plaisteach, go háirithe micreaphlaistigh, i leith shláinte fhisiciúil an duine.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Ní féidir impleachtaí buiséadacha beachta an tionscnaimh seo a chinneadh ag an bpointe seo a mhéid atá a raon feidhme agus a phríomheiliminti fós le socrú le caibidlíocht iltaobhach. Beidh próiseas caibidlíochta ann ina mbeidh go leor cruinnithe INC go dtí go mbeidh Comhdháil Taidhleoireachta ann, rud nach bhfuil coinne leis roimh 2024.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Tionóladh cruinniú ullmhúcháin (Meitheal Neamhiata) maidir le cúrsaí eagrúcháin a bhaineann leis an INC ón 30 Bealtaine go dtí an 1 Meitheamh 2022 i nDacár na Seineagáile.

Cuirfear tús leis an gcaibidlíocht féin maidir leis an ionstraim nua ag an gcéad chruinniú den INC sa dara leath de 2022 (dáta agus ionad le deimhniú).

- **Doiciméid mhíniúcháin (i gcás treoracha)**

Ní ann dóibh.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Tá an Coimisiún ag moladh:

- go n-údaróidh an Chomhairle don Choimisiún tús a chur leis an gcaibidlíocht maidir le comhaontú idirnáisiúnta nua i dtaca leis an truailliú plaisteach a thabhairt i gcrích, agus an chaibidlíocht sin a dhéanamh,
- go n-ainmneofar an Coimisiún mar idirbheartaí an Aontais,
- go ndéanfaidh an Coimisiún an chaibidlíocht i gcomhairle leis an gcoiste speisialta i gcás ina n-ainmneoidh an Chomhairle an coiste sin i gcomhréir le hAirteagal 218(4) CFAE,
- go bhformheasfaidh an Chomhairle na treoracha caibidlíochta atá i gceangal leis an moladh seo.

Moladh le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht thar ceann an Aontais Eorpaigh le haghaidh comhaontú idirnáisiúnta maidir leis an truailliú plaisteach**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 218(3) agus (4) de,

Ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Ghlac Comhthionól Comhshaoil na Náisiún Aontaithe Rún 5/14 dar teideal *End plastic pollution: towards an international legally binding instrument* [Deireadh a chur leis an truailliú plaisteach: i dtreo ionstraim idirnáisiúnta atá ceangailteach ó thaobh dlí] ag an gCúigiú Seisiún de ón 28 Feabhra go dtí an 2 Márta 2022, ar rún é lena mbunaítear coiste caibidlíochta idir-rialtasach chun comhaontú idirnáisiúnta nua a shocrú le caibidlíocht chun aghaidh a thabhairt ar an truailliú plaisteach, lena n-áirítear sa mhuirthimpeallacht, d'fhonn aghaidh a thabhairt ar shaolré iomlán na bplaisteach.

(2) Ba cheart don Aontas páirt a ghlacadh sa chaibidlíocht maidir le coinbhinsiún, comhaontú nó ionstraim idirnáisiúnta eile den sórt sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Údaraítear leis seo don Choimisiún comhaontú idirnáisiúnta maidir le plaistigh a shocrú le caibidlíocht thar ceann an Aontais chun deireadh a chur leis an truailliú plaisteach mar a leagtar amach i Rún 5/14 de UNEA-5.2.

*Airteagal 2*

Leagtar amach na treoracha caibidlíochta san Iarscríbhinn.

*Airteagal 3*

Déanfar an chaibidlíocht i gcomhar le [ainm an choiste speisialta le cur isteach ag an gComhairle].

*Airteagal 4*

Is chuig an gCoimisiún a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*